Oifig Threasach **Náisiúnta**
National Tertiary Office

Tuarascáil Bhliantúil 2025

HEA | An tÚdarás um Ard-Oideachas
The Higher Education Authority

SOLAS An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
Further Education and Training Authority

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science

Clár Ábhair

- Gluais – Giorrúcháin 2
- Réamhrá: Tanya Jones, Ceann na hOifige Treasaí Náisiúnta 5
- Cuid 1: Réamhrá 6
- Cuid 2: Meastóireacht ar an gClár 8
- Cuid 3: Soláthar agus Fairsingiú 10
- Cuid 4: Eispéireas agus Aiseolas na Mac Léinn 16
  - Léargas ginearálta 16
  - Na Príomhtheachtaireachtaí ó Aiseolas na Mac Léinn 20
- Cuid 5: Maoiniú 21
  - Maoiniú an tSoláthair Breisoideachais agus Oiliúna 21
  - Maoiniú an tSoláthair Ardoideachais 21
  - Maoiniú na hOifige Treasaí Náisiúnta 21
  - Forbairt Conairí agus Inbhuanaitheacht 21
- Cuid 6: Nuacht chun dáta ó na Réigiúin 22
  - Intreoir 22
  - Braisle Treasach an Atlantaigh agus na Teorann 23
  - Comhghuaillíocht idir CMETB, DKIT, LMETB 24
  - Braisle Réigiúnach Bhaile Átha Cliath 25
  - Comhghuaillíocht Straitéiseach idir LCETB, TETB, TUS 26
  - Comhghuaillíocht Straitéiseach an Oirdheiscirt 27
  - Comhghuaillíocht Straitéiseach an Deiscirt – Léaslínte Nua 28
  - Achoimre ar na Réigiúin – Príomhtheachtaireachtaí 29
- Cuid 7: Cumarsáid 30
  - Infheictheacht Náisiúnta 30
  - Guth, Gnóthachtáil agus Dul Chun Cinn na Mac Léinn 30
  - For-rochtain Réigiúnach ar Scála 31
  - Achoimre 31
- Conclúid 32



Gluais - Giorrúcháin

Braisle Treasach an Atlantaigh agus na Teorann	CMETB, BOO Dhún na nGall, GRETB, MSLETB agus ATU
ATU	Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
BA	Bliain Acadúil
CAO	An Lár-Oifig Iontrála
CDETB	Boird Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath
CMETB	Boird Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin
Braisle CMETB, DKIT, LMETB	CMETB, DKIT, LMETB
CETB	Boird Oideachais agus Oiliúna Chorcaí
Coláistí FET	Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna
DDLETB	Boird Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
DFHERIS	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
DKIT	Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
DLETB	Boird Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
Braisle Réigiúnach Bhaile Átha Cliath	IADT, CDETB, KWETB, DDLETB, COBÁC, TCD, NCI, TUD, Institiúid Oideachais Marino
BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
FET	Breisoideachas agus Oiliúint
GRETB	Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
AO	An tArdoideachas
ÚAO	An tÚdarás um Ard-Oideachas
HEI	Institiúid Ardoideachais
IADT	Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
KCETB	Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach
KETB	Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí
KWETB	Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin
LCETB	Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir
Comhghuaillíocht Straitéiseach LCETB, TETB, TUS	LCETB, TETB, TUS

LMETB	Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
LWETB	Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí
LOETB	Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí
Institiúid Marino	Institiúid Oideachais Marino
MSLETB	Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
MTU	Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan
NCI	Coláiste Náisiúnta na hÉireann
CNC	An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí
OTN	An Oifig Threasach Náisiúnta
PLC	Iar-Ardteistiméireacht
RGAM	Samhail Leithdháilte na nDeontas Athfhillteach
SETU	Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna: An ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as Breisoideachas agus Oiliúint (FET) in Éirinn
Comhghuaillíocht Straitéiseach an Oirdheiscirt	SETU, KCETB, LOETB, WWETB
Comhghuaillíocht Straitéiseach an Deiscirt - Léaslínte Nua	COC, MTU, CETB, KETB
TCD	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
TCT	Tionscnamh na Céime Treasaí
TETB	Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann
TUD	Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
TUS	Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, an tIarthar Láir
COC	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
COBÁC	An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
WWETB	Boird Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman



Réamhrá: Tanya Jones, Ceann na hOifige Treasaí Náisiúnta



Is cúis áthais dom tuarascáil bhliantúil 2025 na hOifige Treasaí Náisiúnta (OTN) a fhoilsiú, agus muid ag breathnú siar ar bhliain shuntasach thairbheach don OTN. Fuaireamar deis an bhliain seo, ní hamháin an soláthar a leathnú ach an comhoibriú a neartú, ár dtuiscint ar riachtanais mac léinn a dhoimhniú agus conairí níos ionchuimsithí insroichte a fhorbairt. Ábhar uchtaigh faoi leith dom féin ab ea an tiomantas agus an cuspóir comhroinnte a léiríodh ar fud na hearnála agus atá fós ag tiomáint an tionscnaimh seo chun cinn.

I dTuarascáil Bhliantúil 2025, tá forléargas ar bhliain ina raibh fás, daingniú agus forbairt córais leantach i réim laistigh de thírdhreach an oideachais threasaigh atá ag teacht chun cinn in Éirinn.

Tá breac-chuntas sa tuarascáil seo ar na príomhfhorbairtí i ngach réimse de Thionscnamh na Céime Treasaí (TCT) le linn 2025, lena n-áirítear fairsingiú clár, rannpháirtíocht agus eispéireas na mac léinn, struchtúir mhaoinithe, gníomhaíocht réigiúnach, agus cúrsaí cumarsáide.

Lean TCT, a tugadh isteach ar bhonn píolótach in 2023, ag fás go suntasach le linn 2025. Léiríonn an tionscnamh tiomantas méadaitheach náisiúnta don chomhoibriú idir an earnáil Breisoideachais agus Oiliúna agus earnáil an Ardoideachais, agus conairí á gcur ar fáil trí Chomhghuaillíochtaí Straitéiseacha réigiúnacha a fhreagraíonn do riachtanais áitiúla scileanna, d'éileamh mac léinn agus don inrochtaineacht gheografach.

Is ionann an bhliain 2025 agus céim ríthábhachtach i bhforbairt an chórais threasaigh. Ag forbairt ar an mbonnsraith a leagadh síos le gníomhaíocht phíolótach roimhe seo, táthar tar éis cur leis an tionscnamh ó thaobh scála agus scóipe de, agus tháinig méadú suntasach ar líon na gconairí atá á dtairiscint, tá níos mó éagsúlachta ann ó thaobh disciplíní de agus tá clúdach níos leithne ann ar fud na réigiún. In éineacht leis an bhfairsingiú seo, díríodh níos mó ar eispéireas an mhic léinn agus tá meicníochtaí aiseolais ann lena dtarraingítear aird ar thábhacht na tacaíochta do mhic léinn, an dul chun cinn struchtúrtha, agus an rannpháirteachais le timpeallachtaí Ardoideachais.

De bhreis ar fhás na gclár, ba in 2025 freisin a seoladh meastóireacht neamhspleách ar OTN. Tá an mheastóireacht seo ceaptha le héifeachtacht na hOifige a mheas maidir lena cuid cuspóirí a chomhlíonadh agus le bonn eolais a chur faoi threo todhchaí bheartas agus forbairt an oideachais threasaigh. Bainfear leas as torthaí na meastóireachta seo agus treochlár fadtréimhseach á mhúnlú le haghaidh córas treasach aontaithe in Éirinn, lena chinntiú go mbíonn sé ag freastal i gcónaí ar riachtanais na mac léinn, na n-institiúidí agus an gheilleagair níos leithne.

Tá béim i dTuarascáil Bhliantúil 2025 ar an dul chun cinn atá bainte amach agus ar na dúshláin ar ghá dul i ngleic leo de réir mar a aistrítear an córas ón bhforfheidhmiú tosaigh go dtí creat náisiúnta níos bunaithe. I dteannta a chéile, is ionann na léargais seo agus bonn láidir fianaise chun tacú leis an bpleanáil don todhchaí agus chun léiriú a thabhairt ar thionchar méadaitheach na gconairí treasacha mar bhealach claochlaitheach isteach san Ardoideachas in Éirinn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann OTN agus leis na Bainisteoirí Treasacha as an méid a chuir siad le hobair OTN le linn 2025. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin do thacaíocht agus tiomantas ár bpáirtithe leasmhara agus ár gcomhpháirtithe ar fud an Bhreisoideachais agus an Ardoideachais as bealaí chun cinn níos insroichte agus níos solúbtha a chinntiú do mhic léinn ar fud na tíre.

Cuid 1: Réamhrá

Bhunaigh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) an Oifig Threasach Náisiúnta (OTN) in 2022, laistigh den Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) chun tacaíocht a chur ar fáil le córas oideachais threasaigh comhtháite a fhorbairt in Éirinn. Faoi chomhbhainistíocht an ÚAO agus SOLAS, bíonn an OTN ag obair le hInstitiúidí Ardoideachais agus leis na Boird Oideachais agus Oiliúna chun conairí forchéimhnithe idir an Breisoideachas agus Oiliúint agus an tArdoideachas a neartú.



Príomhfhócas oibre OTN is ea Conairí Treasacha a fhorbairt agus tacú leo — cláir a dheartar agus a sheachadtar ar bhonn comhpháirteach, ina gcuirtear le chéile Breisoideachas agus Oiliúint agus Ardoideachas in aistear foghlama soiléir amháin. Cuireann na cláir sin ar chumas mac léinn tosú ar a gcuid staidéar in BOO agus dul ar aghaidh chuig Institiúid Ardoideachais chomhpháirtíochta, le socruithe forchéimnithe atá sainithe go soiléir agus dámhachtainí atá leabaithe feadh an bhealaigh, óna bhfaightear cáilíocht Leibhéal 7 nó Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).

Tá Conairí Treasacha deartha chun tacú le rannpháirtíocht, muinín, agus coinneáil mac léinn trí bhealach malartach ar an Ardoideachas a thairiscint, ina n-aithnítear raon leathan eispéireas agus cúlraí i measc na mac léinn. Ní bhraitheann iontráil ar an gcóras pointí CAO, agus tairbhíonn na mic léinn de thimpeallachtaí foghlama níos lú sna luathchéimeanna dá staidéar, de thacaíochtaí struchtúrtha, agus de rannpháirteachas luath le socruithe Ardoideachais. Tá dul chun cinn chuig an Ardoideachas comhtháite le dearadh an chláir agus braitheann sé ar na caighdeáin acadúla riachtanacha a bhaint amach.

Cuireadh tús le Tionscnamh na Céime Treasaí (TCT) thiar in 2023 mar threochlár, agus lean sé ar aghaidh ag méadú ó thaobh scála de, ó thaobh leithead tíreolaíoch de, agus ó thaobh réimsí disciplíní de. Faoi 2025, bhí an soláthar treasach á chur ar fáil trí Chomhghuaillíochtaí Straitéiseach iolracha, trasna ceantar uirbeach agus tuaithe, agus ag freagairt d'éilimh náisiúnta agus réigiúnacha ar scileanna. Comhrialachas, socruithe comhroinnte um dhearbhú cáilíochta, agus tiomantas don chomhoibriú trasna earnálacha FET agus AO atá mar shaintréithe na gcomhpháirtíochtaí úd.

Tugtar breac-chuntas sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar na forbairtí i ngach réimse de Thionscnamh na Céime Treasaí (TCT) le linn 2025, lena n-áirítear fairsingiú clár, rannpháirtíocht agus eispéireas na mac léinn, socruithe maoinithe, agus gníomhaíocht chumarsáide. Is léiriú é freisin ar stádas na meastóireachta neamhspleáiche de chuid na hOifige Treasaí Náisiúnta, ar cuireadh tús léi thiar in 2025, agus lena múnlófar treo na gconairí treasacha amach anseo laistigh den chóras oideachais treasach.

Cuid 2: Meastóireacht ar an gClár

Cuireadh tús leis an meastóireacht ar an OTN i mí na Samhna 2025 tar éis meastóir seachtrach a cheapadh trí mheán próiseas náisiúnta tairisceana. Chuathas i mbun próiseas iomaíoch soláthair, agus tograí arna measúnú ag OTN i gcomhar le SOLAS, ÚAO agus le DFHERIS.

Tá an mheastóireacht á cur ar fáil in dhá chéim. Dírítear i gCéim 1 ar fheidhmíocht OTN a mheas i gcoinne a chuid cuspóirí, agus tacófar i gCéim 2 le treochlár do OTN amach anseo a fhorbairt.

Amhail deireadh na bliana 2025, bhí idirphlé tosaigh déanta leis an meastóir agus bhíothas tar éis raon feidhme agus comhthéacs na meastóireachta a chomhaontú tar éis comhairliúcháin le OTN, ÚAO, SOLAS agus DFHERIS. Bhí tús curtha leis an obair ar cháipéisíocht a athbhreithniú agus a ullmhú le haghaidh rannpháirteachas níos leithne na bpáirtithe leasmhara.

Déanfar torthaí na meastóireachta seo a mheas i dteannta an tsoláthair, na rannpháirtíochta agus an eispéiris ar a dtugtar breac-chuntas sa tuarascáil seo, agus is leo a mhúnlófar an chéad chéim eile d'fhorbairt an chórais threasaigh.



Cuid 3: Soláthar agus Fairsingiú

Léargas ginearálta

Bhí 2025 mar chéim mhór leathnaithe don soláthar treasach in Éirinn. Ag cur leis an mbunsraith a cuireadh ar bun le linn na mblianta tosaigh den treochlár, ba bheag nár tháinig dúbailt ar sholáthar Thionscnamh na Céime Treasaí (TCT) le bliain anuas, leathnaigh sé a réimse disciplíní, agus leathnaigh sé a chlúdach tíreolaíoch trí Chomhghuaillíochtaí Straitéiseacha réigiúnacha. Is léiriú é an leathnú sin ar éileamh méadaitheach ó na mic léinn, soláthar comhordaithe i measc comhpháirtithe san Ardoideachas agus sa Bhreisoideachas, agus muinín mhéadaitheach i samhail na céime treasaí mar chonair isteach san Ardoideachas.

Scála agus Fás na gClár

In 2025, cuireadh 41 conair chuig céim threasach ar fáil ar bhonn náisiúnta, i gcomparáid le 21 conair thiar in 2024. Is ionann sin agus **méadú 95% in imeacht bliana** sa soláthar, rud a léiríonn méadú mear ar an tairiscint threasach laistigh d'achar gairid ama.

Is léiriú é an fás sin ar an dlúthchomhar idir FET agus AO laistigh de na Comhghuaillíochtaí chun deiseanna céime a thairiscint do mhic léinn, agus aistriú ó luathghníomhaíocht thrialach chuig lorg náisiúnta níos bunaithe.

- **41 conair chuig céimeanna treasacha** arna gcur ar fáil go náisiúnta in 2025 (suas ó 21 conair in 2024)
- **Méadú +95%** ar sholáthar clár in imeacht bliana
- **Sé réimse leathana staidéir** le hionadaíocht ar fud an chórais threasaigh

Réimsí Staidéir – Soláthar 2025

Cuireadh soláthar ar fáil in 2025 thar **shé mhór-réimse staidéir**, rud a léiríonn idir éileamh ar lucht saothair agus spéis na mac léinn. Tá na conairí Sláinte agus Leas fós mar an gcatagóir is mó, á mbrú ag éileamh seasta san altranas, i gcúram sóisialta, agus i ndisciplíní sláinte comhghuaillithe. Mar sin féin, in 2025 freisin chonacthas **fás cuimsitheach ar sholáthar Ealaíon agus Gnó**, rud a thacaíonn le bealaí rochtana níos leithne ar réimsí cruthaitheacha, sóisialta, agus gairmiúla.

41 conairí céime treasaí a cuireadh ar fáil ar bhonn náisiúnta in 2025

ARDÚ ó 21 conair in 2024

+95% méadú ar sholáthar conairí bliain ar bhliain

Sé réimse leathana staidéir ar fáil ar fud an chórais threasaigh

Réimse Staidéir	2024	vs.	2025	Athrú
Eolaíocht na Beatha Fheidhmeach	0	→	1	Réimse Úr
Na hEalaíona	2	→	9	Ardú 250%
Gnó	5	→	9	Ardú 80%
Innealtóireacht, Déantúsaíocht agus Foirgníocht	0	→	1	Réimse Úr
Sláinte agus Leas	10	→	19	Ardú 90%
TFC	4	→	4	Gan Athrú
Iomlán	21	→	41	Ardú 95%

Réimsí Úra Soláthair a Tugadh Isteach in 2025

- Cleachtas agus Teicneolaíocht Déantúsaíochta Próisis
- Ealaíona Digiteacha
- Beochan, Maisíochtaí Físe agus Dearadh Gluaisne
- Polaitíocht, Sochaí agus Meáin
- Gnó agus Siceolaíocht
- Cleachtas um Chúram Sóisialta
- Altranas um Míchumas Intleachtúil
- Eolaíocht Spórt Fheidhmeach
- Teiripe Shaothair

Na Príomhléargais

Tá Sláinte & Leas ar an réimse is mó agus is gasta fáis

Léiríonn Gnó & Ealaíona éagsúlú láidir lastall den tsláinte

Tá soláthar TFC fós cobhsaí bliain ar bhliain in 2025

Fás ar Iontógáil Mac Léinn




471

Mic léinn a thosaigh ar chonair threasach in 2025

Tá líon na mac léinn tar éis méadú faoi thrí ó bhí 2023 ann

Líon na Mac Léinn de réir na Bliana Iontógála



Ailíniú Níos Mó idir Conairí agus:

Riachtanais scileanna réigiúnacha

An t-éileamh ar lucht saothair

Tosaíochtaí maidir le rochtain áitiúil


Súil Chun Cinn: Ar na bacáin in 2026

Tá tuilleadh fairsingithe beartaithe, faoi réir próisis bhailíochtaithe agus faofa.

Táthar ag súil le fás sna réimsí a leanas:

- Sláinte agus Leas
- Oideachas (Oiliúint Tosaigh Múinteoirí)
- Ealaíona
- Gnó
- TFC
- Eolaíocht na Beatha Fheidhmeach

Dáileadh Geografach na Láithreacha ina Soláthraítear Conair Threasach



+13 Láithreacha Breise Treasacha atá Beartaithe le haghaidh 2026

In 2025, tháinig méadú faoi dhó, nach mór, ar an soláthar treasach, leathnaíodh é go disciplíní úra, rinneadh freastal ar níos mó réigiún, agus tacaíodh le 471 mac léinn trí chonairí céime solúbtha comhtháite.

De réir mar a méadaíodh scála agus fairsingiú an tsoláthair threasaigh le linn 2025, tugadh níos mó airde ar an eispéireas a bhíonn ag mic léinn sna conairí seo ar bhonn praiticiúil, go háirithe le linn na luathchéimeanna dá n-aistear céime.



Cuid 4: Eispéireas agus Aiseolas na Mac Léinn

Anailís ar an Aiseolas a fuair an Oifig Threasach Náisiúnta ó na Mic Léinn

Luann mic léinn go minic gur bealach tacúil, inrochtana agus forbartha muiníne iad céimeanna treasacha chun rochtain a fháil ar Ardoideachas, go háirithe le linn luathchéimeanna a n-aistear chun céim a bhaint amach.

Léargas ginearálta

Is rud lárnach é eispéireas na mac léinn a thuiscint chun conairí oideachais threasaigh d'ardcháilíocht a fhorbairt. Le linn 2025, chuaigh OTN i bpáirt go díreach le mic léinn ar fud raon conairí céime treasaí d'fhonn aiseolas a bhailiú maidir lena n-eispéireas, ón iarratas ar aghaidh go dtí an rannpháirteachas agus an dul chun cinn.

Ar an iomlán, léiríonn aiseolas na mac léinn go raibh eispéireas dearfach acu le samhail na céime treasaí. Is minic a tharraing na mic léinn aird ar luach na rochtana áitiúla, na tacaíochta láidir do mhic léinn laistigh de shuíomhanna Breisoideachais agus Oiliúna, agus na deimhneachta a thugann bealach soiléir isteach san Ardoideachas le fios.



Cur Chuige i leith Rannpháirteachas Mac Léinn

Tiomsaíodh aiseolas ó mhic léinn trí theaglaim de chomhráite grúpa éascaithe agus de shuirbhéanna gearra ar a n-aigne le linn cuairteanna na hOifige Treasaí Náisiúnta ar láithreacha seachadta. Tharla an rannpháirteachas thar réigiúin, cineálacha cláir agus céimeanna staidéir iolracha.

Mar gheall ar ilchineálacht na samhlacha cláir agus na gcur chuige seachadta idir na Comhghuaillíochtaí Straitéiseacha, léiríonn an t-aiseolas idir théamaí náisiúnta coiteanna agus roinnt samplaí sainiúla a bhain le disciplíní faoi leith. Tá na torthaí thíos dírithe ar théamaí coiteanna leathana a tháinig chun cinn arís agus arís eile i measc grúpaí mac léinn.



Na Príomhléargais

Rochtain ar an Ardoideachas

Téama a tháinig chun cinn arís agus arís eile san aiseolas ó mhic léinn ab ea luach na céime treasaí mar shlí mhalartach níos insroichte isteach san Ardoideachas. Is é an cur síos a rinne go leor mac léinn ar an gconair, gur deis a bhí ann nach raibh ar fáil dóibh trí shlite traidisiúnta iontrála.

Ba mhór le mic léinn, go háirithe:

- nach raibh pointí CAO mar riachtanas iontrála
- úsáid na n-agallamh agus na ráiteas pearsanta
- agus soiléire an dul chun cinn isteach sa suíomh Ardoideachais

I gcás go leor mac léinn, go háirithe mic léinn lánfhásta agus daoine ag filleadh ar an oideachas, laghdaíodh leis an mbealach treasach an imní a bhaineann le hiontráil dhíreach isteach i dtimpeallachtaí móra ollscoile.

- *"Thug sé seans dom muinín a chur san oideachas arís."*
- *"Slí níos cothroime nach dteastaíonn pointí lena aghaidh."*

Tacaíocht do Mhic Léinn agus Muinín

Is minic a tharraing na mic léinn aird ar neart na tacaíochta do mhic léinn le linn a gcuid ama i suíomhanna Breisoideachais agus Oiliúna. Sainaithníodh ranganna beaga, teagascóirí insroichte agus tacaíocht thréadach struchtúrtha go minic mar nithe a chuidigh le mic léinn dul in oiriúint do riachtanais acadúla an staidéir ar leibhéal céime.

Bhraith na mic léinn gur chuidigh an tacaíocht sin le hiontaoibh mhéadaithe as a gcumas dul chun cinn a dhéanamh agus a gcéim a chur i gcrích, agus iad ag tabhairt le fios gur chuidigh an treoir struchtúrtha leo idir scileanna acadúla agus féinmhuinín a fhorbairt.

- *"Bhí an fhoireann thar cionn ar fad. Mhothaíomar go léir ón gcéad lá go raibh siad ag tacú linn."*
- *"Níl fáth ar bith ann nach n-éireodh liom, ach amháin má chruthaím féin fadhb dom féin mar tá an tacaíocht ann."*

Aistriú agus Braistint Muintearais

Bhí éagsúlachtaí ann maidir leis an gceangal a bhraith na mic léinn lena nInstitiúid Ardoideachais, ag brath ar dhearadh an chláir. I gcásanna ina raibh rannpháirteachas luath leis an gcomhpháirtí Ardoideachais neadaithe – amhail cuairteanna campais, modúil chomhroinnte nó rochtain luath ar shaoráidí – thuairiscigh mic léinn gur bhraith siad níos ullmhaithe don aistriú agus níos ceangailte den institiúid.

Nuair a tharla an rannpháirteachas níos déanaí, chuir mic léinn in iúl gur mhian leo níos mó taithí a fháil ar shaol na hollscoile roimh an aistriú. Ar an iomlán, tugann an t-aiseolas le tuiscint go dtacaíonn rannpháirteachas luath comhsheasmhach le dul chun cinn níos comhréidhe agus go laghdaíonn sé imní.

Struchtúr Cláir agus an tUalach Oibre

Cé go raibh na mic léinn dearfach, ar bhonn ginearálta, faoi chaighdeán na gclár, shainaithin roinnt daoine dúshláin maidir le déine cláir, go háirithe na samhlacha lán-aimseartha lenar éilíodh láithreacht cúig lá ar an láthair. Ba mhic léinn a bhí ag iarraidh freastal ar an staidéar agus ar an bhfostaíocht san am céanna, a raibh freagrachtaí cúraim orthu nó taisteal níos faide le déanamh acu, ba mhinice a luaigh na hábhair buairimh seo.

Thug mic léinn le fios freisin, go bhféadfadh sé go méadófaí an brú ag pointí áirithe sa bhliain acadúil mar gheall ar bhraisliú na measúnachtaí. Cuireadh na tuairimí seo chun cinn mar réimsí a mbeadh mionleasuithe ag teastáil iontu, agus mic léinn ag aithint na n-éileamh a bhaineann leis an staidéar ar leibhéal céime.

Ceisteanna Airgeadais agus Praiticiúla

Shainaithin mic léinn arís agus arís eile gur buntáiste suntasach den tsamhail threasach é nach raibh aon táillí ann le linn na céime Breisoideachais agus Oiliúna. Thuairiscigh roinnt mac léinn éiginnteacht maidir le costais agus iad ag dul ar aghaidh chuig an Ardoideachas, agus iad ag díriú aird ar a thábhachtaí atá cumarsáid shoiléir thráthúil maidir le táillí agus tacaíochtaí airgeadais a bheith ar fáil.

Luadh an infhaighteacht gheografach freisin mar thoisc a théann i bhfeidhm ar an rannpháirtíocht, nó is mór le mic léinn an deis a bheith acu staidéar a dhéanamh go háitiúil le linn na luathchéimeanna dá n-aistear céime.

Éagsúlacht an Chohóirt Mac Léinn

Léiríonn an t-aiseolas próifíl ilchineálach na mac léinn treasach, lena n-áirítear mic léinn lánfhásta, daoine ag filleadh ar an oideachas, mic léinn faoi mhíchumas, cúramóirí, inimircigh agus mic léinn a bheadh ag iarraidh freastal ar an staidéar agus ar an bhfostaíocht san am céanna.

Ba mhinic a rinne mic léinn cur síos ar na bealaí ar thacaigh an soláthar treasach leis an ilchineálacht sin trí chonairí soiléire, tacaíocht láidir agus aistriú níos réidhe isteach san Ardoideachas a chur ar fáil. Ba mhinic a cuireadh síos ar an ilchineálacht seo mar ghné dhearfach den timpeallacht foghlama.



Na Príomhtheachtaireachtaí ó Aiseolas na Mac Léinn

Ar an iomlán, léiríonn aiseolas na mac léinn go mbaineann an méid seo a leanas le samhail na céime treasaí:

- soláthraíonn sí conair insroichte isteach san ardoideachas;
- cothaítear muinín léi trí thacaíocht láidir don mhac léinn;
- éascaíonn sí aistriú bainistithe idir an Breisoideachas agus an tArdoideachas, agus
- freagraíonn sí go maith do na riachtanais a bhíonn ag pobal ilchineálach mac léinn.

Tarraingíonn an t-aiseolas aird freisin ar dheiseanna chun leanúint de bheith ag cur leis an luath-rannpháirteachas le hinstitiúidí Ardoideachais, leis an gcumarsáid maidir le táillí agus tacaíochtaí airgeadais, agus leis an tsolúbthacht laistigh den seachadadh cláir de réir mar a leanann an córas treasach de bheith ag forbairt.



Cuid 5: Maoiniú

Faigheann soláthar na gcéimeanna treasacha tacaíocht trí mheán teaglaim de shreabha cistithe ar fud earnálacha an Bhreisoideachais agus na hOiliúna agus an Ardoideachais, rud a léiríonn cineál comhtháite an tsoláthair threasaigh

Maoiniú an tSoláthair Breisoideachais agus Oiliúna

Déantar na conairí treasacha a chuirtear ar fáil laistigh de shuíomhanna FET a mhaoiniú trí SOLAS trí mheán na mBord Oideachais agus Oiliúna. Ó mhí Mheán Fómhair 2025 i leith, tugadh aitheantas foirmiúil do mhic léinn laistigh den tsamhail mhaoinithe Iar-Ardteistiméireachta (PLC), rud a thugann soiléire agus comhsheasmhacht don chaoi a dtugtar acmhainní d'ionaid mac léinn ar leibhéal an Bhreisoideachais agus Oiliúna.

Tacaíonn an t-ailíniú sin le soláthar na gconairí treasacha laistigh den bhonneagar FET reatha, lena n-áirítear teagasc, tacaíochtaí do mhic léinn agus socruithe seachadta áitiúil, agus is léiriú é ar ról an Bhreisoideachais agus Oiliúna mar an bpointe iontrála le haghaidh conairí treasacha.

Maoiniú an tSoláthair Ardoideachais

Is tríd an Údarás um Ard-Oideachas a mhaoinítear na hInstitiúidí Ardoideachais a chuireann céimeanna ardoideachais na gconairí céime treasaí ar fáil.

Le linn na mblianta BOO, faigheann na hInstitiúidí Ardoideachais leithdháileadh tiomnaithe treasach in aghaidh an mhic léinn a théann ar aghaidh, mar aitheantas don chomhordú breise, soláthar acadúil agus riachtanais tacaíochta mac léinn a bhaineann le conairí treasacha. Tacaíonn an leithdháileadh sin leis an soláthar thar institiúidí iolracha, agus cuireann sé le comhtháthú na mac léinn treasach laistigh de na córais Ardoideachais. Sna blianta AO tar éis FET, tugtar aitheantas do mhic léinn trí Shamhail Leithdháilte na nDeontas Athfhillteach (RGAM).

Maoiniú na hOifige Treasaí Náisiúnta

Tá an Oifig Threasach Náisiúnta á maoiniú trí mheán DFHERIS chun tacú lena ról comhordaithe náisiúnta, lena n-áirítear maoirseacht na gclár, rannpháirteachas le páirtithe leasmhara, cumarsáid, gníomhaíocht mheastóireachta agus forbairt córas.

Mar chuid de ghníomhaíochtaí forbartha córas ar leibhéal réigiúnach go mall in 2025 bhí an OTN ag riar leithdháileadh maoinithe iomaíoch aonuaire chuig Comhghuaillíochtaí Straitéiseacha réigiúnacha chun tacú le forbairt leanúnach ar an gcóras treasach. Cuireadh ar ár gcumas leis an maoiniú sin gníomhaíocht spriocdhírithe a úsáid chun tacú le comhordú clár, tionscnaimh ionduchtaithe agus aistrithe, múscailt feasachta agus pleanáil ar leibhéal córas, go háirithe i gcomhthéacs fás mear ar an gclár agus ar an líon mac léinn.

Forbairt Conairí agus Inbhuanaitheacht

Mar thionscnamh náisiúnta atá fós á fhorbairt, beidh gá le hinfheistíocht tosaigh a dhéanamh sna conairí treasacha i ndearadh curaclaim, bailíochtú, comhordú comhpháirtíochta agus forbairt córais. Le linn na gcéimeanna trialacha agus luathmhéadaithe, bhí go leor den obair sin á soláthar trí acmhainní institiúideacha dá raibh ann laistigh de na Boird Oideachais agus Oiliúna agus na hInstitiúidí Ardoideachais, i dteannta tacaíochtaí spriocdhírithe náisiúnta.

De réir mar a leanfaidh an soláthar treasach ar aghaidh ag dul in aibíocht, beidh ról tábhachtach ag comhshocruithe maoinithe na todhchaí chun tacú le soláthar inbhuanaithe, forbairt clár agus comhoibriú leanúnach ar fud an Bhreisoideachais agus an Ardoideachais.

Cuid 6: Nuacht chun dáta ó na Réigiúin

Intreoir

Soláthraítear na conairí treasacha trí mheán Comhghuaillíochtaí Straitéiseacha réigiúnacha ina dtugtar le chéile soláthróirí Breisoideachais agus Oiliúna agus Institiúidí Ardoideachais. Trí na comhghuaillíochtaí sin, is féidir na cláir a dhearadh agus a sholáthar go comhoibríoch, rud a chinnteoidh go bhfreagróidh na conairí treasacha do na héilimh maidir le rochtain réigiúnach, d'éilimh na mac léinn agus do thosaíochtaí scileanna.

In 2025, chuaigh na sé Chomhghuaillíocht Straitéiseacha uile ó bhunú na gclár chuig daingniú agus méadú de réir a chéile. Agus gach aon chomhghuaillíocht ag machnamh ar a comhthéacs réigiúnach féin, áiríodh i measc téamaí comónta ar fud na bliana éileamh ó mhic léinn, comhoibriú idir comhpháirtithe a neartú, agus aird mhéadaithe ar aistriú mac léinn agus an tacaíocht a thugtar dóibh.



Braisle Treasach an Atlantaigh agus na Teorann *(CMETB, BOO Dhún na nGall, GRETB, MSLETB & ATU)*

In 2025, díríodh Braisle Treasach an Atlantaigh agus na Teorann ar sholáthar na gconairí treasach atá ann cheana sa chúram sláinte a neartú thar réigiún mór atá ina réigiún tuaithe den chuid is mó. Tugadh isteach an chonair le haghaidh Cleachtais um Chúram Sóisialta in 2025, agus rochtain á leathnú chuig roghanna treasacha atá ailínithe go gairmiúil.

Díríodh gníomhaíocht shuntasach ar cháilíocht acadúil a choinneáil agus ullmhacht mac léinn a fheabhsú, go háirithe i gcomhthéacs na srianta le socrúcháin chliniciúla. Díríodh an phleanáil agus iarracht soláthair ar chuir chuige teagaisc agus foghlama a fheabhsú, lena n-áirítear ionsamhlú ardleibhéil agus timpeallachtaí foghlama le tacaíocht dhigiteach, lena gcomhlánaítear gníomhaíocht scileanna sa tsaotharlann agus ullmhú na socrúchán. Thacaigh na forbairtí sin le comhsheasmhacht a bhaint amach idir eispéiris na mac léinn thar shuíomhanna iolracha mar fhreagairt do shrianta acmhainneachta atá ar fud an chórais.

Chuir an Chomhghuaillíocht gníomhartha chun feidhme chun aistriú agus dul chun cinn mac léinn idir Breisoideachas agus Ardoideachas a fheabhsú. Tugadh tosaíocht do rannpháirtíocht níos luaithe le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, próisis ionduchtaithe neartaithe, agus rochtain fheabhsaithe ar chórais agus tacaíochtaí ollscolaíochta mar fhreagairt ar aiseolas ó na mic léin agus na baill foirne. I gcomhthreo leis sin, cuireadh pleanáil ar aghaidh maidir le conairí treasacha amach anseo, ag cur soláthar ar an gcampas le chéile le rannpháirteachas ar líne agus rannpháirteachas hibrideach, chun tacú le rochtain do mhic léinn sna pobail scaipthe agus caighdeáin acadúla agus tacaíochtaí do mhic léinn á gcoinneáil. Ba le rannpháirteachas ullmhúcháin le páirtithe leasmhara réigiúnacha sna scileanna a múnlaíodh an obair sin, ag tacú leis an ailíniú idir forbairt na gclár agus na héilimh réigiúnacha atá aitheanta.

Anuas ar sholáthar na gclár, choinnigh an Chomhghuaillíocht rannpháirtíocht réigiúnach láidir le mic léinn, scoileanna agus páirtithe leasmhara ionchasacha, chun tacú leis an bhfeasacht agus an tuiscint ar chonairí treasacha ar na leibhéil réigiúnacha agus náisiúnta. Bhí struchtúir dhea-bhunaithe rialachais agus comhordaithe mar bhonn agus mar thaca faoin soláthar ar fud na gcomhpháirtithe, rud a chumasaigh cinnteoireacht chomhsheasmhach agus bainistíocht éifeachtach ar scála cuí.

Ar an iomlán, díríodh an ghníomhaíocht in 2025 ar an soláthar atá ann faoi láthair a leabú, aistriú mac léinn a neartú, agus samhlacha soláthair a ullmhú don fhorbairt inbhuanaithe agus leathnú clár amach anseo laistigh de shrianta aitheanta an chórais.



Comhghuaillíocht idir CMETB, DKIT, LMETB

In 2025, díríodh iarrachtaí CMETB, DKIT, agus LMETB ar phleanáil chomhordaithe a neartú agus ullmhú do mhéadú céimnithe ar an soláthar treasach laistigh den réigiún. Díríodh an ghníomhaíocht i gcaitheamh na bliana ar ullmhacht an tsoláthair a fhorbairt.

Díríodh cuid mhór den iarracht sin ar mhapáil an churaclaim, dearadh clár agus ullmhú an bhailíochtaithe, go háirithe i gcás conairí i ndáil leis an tsláinte amhail Altranas um Míchumas Intleachtúil agus conairí atá ag teacht aníos sna disciplíní óige agus ildánacha. Leithdháileadh acmhainní ar fhorbairt chomhpháirteach curaclaim, ailíniú na dtorthaí foghlama thar chéimeanna FET agus AO, agus rannpháirteachas ullmhúcháin le próisis dearbhaithe cáilíochta. Chuir an Chomhghuaillíocht freisin leis an saothar náisiúnta ar fhorbairt na mbealaí treasacha in Oiliúint Tosaigh Múinteoirí, rud a léiríonn a rannpháirtíocht le tosaíochtaí níos leithne an chórais.

I gcomhthreo leis sin, rinneadh gníomhartha spriocdhírithe chun rannpháirteachas mac léinn agus ullmhacht don aistriú a neartú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí rannpháirteachais agus ailíniú tacaíochtaí na mac léinn idir na hinstitiúidí. Ar an iomlán, díríodh an ghníomhaíocht in 2025 ar struchtúir soláthair a chur i dtoll a chéile, agus ullmhú do chur chun feidhme inbhuanaithe na gclár sna céimeanna ina dhiaidh sin.



Braisle Réigiúnach Bhaile Átha Cliath *(IADT, CDETB, KWETB, DDLETB, COBÁC, TCD, NCI, TUD, Institiúid Oideachais Marino)*

In 2025, díríodh Braisle Réigiúnach Bhaile Átha Cliath ar phunann mhéadaitheach na gconairí céime treasaí a dhaingniú agus a leathnú thar dhisciplíní ildánacha, digiteacha, gnó agus sóisialta. Áiríodh leis sin soláthar comhordaithe a choinneáil thar sholáthraithe iolracha Breisoideachais agus Oiliúna agus Institiúidí Ardoideachais i suíomh uirbeach mór casta.

Díríodh limistéar suntasach gníomhaíochta i rith na bliana ar sheachadadh clár agus ailíniú na gclár leis riachtanais an tionscail agus an lucht saothair. Rinneadh an soláthar treasach laistigh de réigiún Bhaile Átha Cliath a fhorbairt agus a chur ar fáil agus tagairt ar leith á déanamh don éileamh ar scileanna i limistéir amhail cúram sláinte, teicneolaíochtaí tumthacha cruthaitheacha, TFC agus gnó. Díríodh an iarracht ar a chinntiú gur thacaigh na curaclaim le scileanna feidhmeacha digiteacha teicniúla gairmiúla a fhorbairt, agus comhsheasmhacht, maoirseacht, cuntasacht á gcoinneáil laistigh de na conairí céime.

Thug an Chomhghuaillíocht tosaíocht freisin d'eispéireas na mac léinn agus cumarsáid shoiléir de réir mar a tháinig méadú ar chohóirt ó thaobh méide de agus mar a chuaigh na cláir isteach sna céimeanna níos moille. Áiríodh leis na gníomhartha in 2025 struchtúir na gclár a bheachtú, soiléire a fheabhsú maidir le measúnú agus ionchais, agus cumarsáid a threisiú i measc na n-institiúidí comhpháirtíochta. Múnlaíodh na bearta sin le haiseolas ó na mic léinn, agus cuireadh chun feidhme iad chun tacú le coinneáil, dul chun cinn agus muinín mac léinn i measc pobal mac léinn atá ag fás agus ag éirí éagsúil.

I dteannta an chomhdhlúthaithe, dhírigh Braisle Réigiúnach Bhaile Átha Cliath acmhainní pleanála agus forbartha ar sholáthar substaintiúil conairí treasacha nua a chur ar fáil. Chuathas ar aghaidh leis an obair ar chonairí breise a fhorbairt, lena n-áirítear sa chúram sláinte, san oideachas, sna meáin agus i ndisciplíní atá ailínithe leis an teicneolaíocht. Is léiriú é an leibhéal gníomhaíochta forbartha sin ar éileamh buan ó mhic léinn agus acmhainneacht na comhpháirtíochta chun tacú le méadú breise laistigh den chreat treasach.



Comhghuaillíocht Straitéiseach LCETB, TETB, TUS

In 2025, lean Comhghuaillíocht LCETB, TETB, TUS léi ag forbairt conairí treasacha a bheadh inrochtana sna réigiún, agus ról gníomhach á ghlacadh aige i bhforbairt na gconairí oideachais. Rinneadh iarracht freisin tacaíocht a thabhairt don rochtain réigiúnach trí mhic léinn a chumasú chun tosú ar staidéar ar leibhéal céime i réimse suíomhanna áitiúla.

Díríodh méid substaintiúil gníomhaíochta i rith na bliana ar fhorbairt agus bhailíochtú clár, lena n-áirítear céimeanna treasacha atá ann faoi láthair a chur chun cinn agus conairí nua a ullmhú san eolaíocht spórt fheidhmeach, ealaíona digiteacha, conairí i ndáil leis an tsláinte agus Oiliúint Tosaigh Múinteoirí. Bhain forbairt chomhordaithe ar churaclam leis an saothar sin ar fud comhpháirtithe Breisoideachais agus Oiliúna agus Ardoideachais agus ag ailíniú le riachtanais bhailíochtaithe agus dearbhaithe cáilíochta.

Chuir an Chomhghuaillíocht gníomhartha struchtúrtha i bhfeidhm freisin chun tacú le hionduchtú agus aistriú mac léinn, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ionduchtaithe, rannpháirtíocht sceidealaithe leis na campais Ardoideachais agus BOO á sholáthar, agus d'éascaigh sí rochtain leanúnach ar sheirbhísí tacaíochta do mhic léinn. Tugadh tosaíocht do na gníomhartha sin chun tacú le dul chun cinn, muinín agus coinneáil mar chonairí atá curtha ar scála cuí.

Ina theannta sin, díríodh aird ar ailíniú réigiúnach scileanna agus cur chun cinn comhordaithe, agus an ghníomhaíocht pleanála agus múscailte feasachta á múnlú le rannpháirteachas na bpáirtithe leasmhara. Ar an iomlán, díríodh an ghníomhaíocht in 2025 ar ullmhacht soláthair a neartú, rochtain a fheabhsú agus ullmhú d'fhorbairtí breise ar an soláthar treasach.



Comhghuaillíocht Straitéiseach an Oirdheiscirt *(SETU, KCETB, LOETB, WWETB)*

In 2025, lean Comhghuaillíocht Straitéiseach an Oirdheiscirt léi ag cur leis an soláthar treasach ar fud an réigiún trí chomhoibriú le comhpháirtithe Breisoideachais agus Oiliúna agus Ardoideachais. Díríodh an ghníomhaíocht i rith na bliana ar sholáthar na gconairí treasacha dá bhfuil ann sna limistéir amhail sláinte, gnó, ríomhaireacht agus disciplíní na turasóireachta, chun tacú leis an rochtain ar staidéar ar leibhéal céime laistigh den réigiún.

I rith na bliana, tugadh aitheantas do ghnóthachtáil agus dul chun cinn mac léinn trí réimse dámhachtainí acadúla, intéirneachtaí agus imeachtaí dá bhfuarthas aitheantas institiúideach. Áiríodh leo sin rannpháirtíocht sna searmanais bronnta dáimhe, deiseanna iomaíocha intéirneachtaí agus tacaíochtaí don dul chun cinn le hinstitiúidí comhpháirtíochta, chun samplaí sofheicthe de rath na mac léinn laistigh den tsamhail threasach a chur ar fáil.

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar sholáthar le linn 2025, d'aithin an Chomhghuaillíocht gá chun gníomhaíochtaí a neartú tuilleadh chun tacú leis an dul chun cinn idir Breisoideachas agus Ardoideachas, go háirithe de réir mar a éiríonn na conairí níos aibí agus na mic léinn ag druidim leis na céimeanna aistrithe.

Ar an iomlán, léirítear sa ghníomhaíocht in 2025 aird ar sholáthar clár a bhuanú agus ar fhoghlaim mhachnamhach chun an chaoi ar féidir tacú sa bhreis le dul chun cinn mac léinn laistigh de réigiún an Oirdheiscirt.



Comhghuaillíocht Straitéiseach an Deiscirt – Léaslínte Nua *(COC, MTU, CETB, KETB)*

Le linn 2025, dhírigh Comhghuaillíocht Straitéiseach an Deiscirt gníomhaíocht agus acmhainní ar an soláthar treasach a leathnú agus a leabú ar fud réimse leathan disciplíní atá dírithe ar chúrsaí gairmiúla.

Díríodh acmhainní acadúla agus forbartha clár ar thorthaí foghlama a ailíniú ar fud na gcéimeanna Breisoideachais agus Oiliúna agus Ardoideachais, próisis dearbhaithe cáilíochta a leabú agus cláir a chur chun cinn ó dhearadh tosaigh chuig seachadadh bailíochtaithe. Bhí an obair sin mar bhonn agus mar thaca faoi leathnú an tsoláthair, agus thacaigh sí le cobhsaíocht na gconairí dá bhfuil ann.

Dhírigh an Chomhghuaillíocht iarracht nach beag freisin ar thacaíochtaí a láidriú do thionscnamh agus aistriú mac léinn laistigh de na conairí treasacha, i dteannta rannpháirtíocht struchtúrtha le fostóirí agus páirtithe leasmhara gairmiúla. Le linn di clár meantóireachta a fhorbairt, ghlac an Chomhghuaillíocht cur chuige an mhic léinn mar chomhpháirtí, rud a chinntigh go mbeadh guth mac léinn i gcroílár fhabhrú na forbartha treasaí laistigh den réigiún. Ba le hionchur na bhfostóirí a múnlaíodh inneachar curaclaim, pleanáil socrúchán agus socruithe foghlama a bhí comhtháite leis an obair, agus tacaíochtaí meantóireachta á bhforbairt do láithreacha oibre ina n-óstáiltear mic léinn threasacha. Rinneadh dul chun cinn freisin ar shaothar ullmhúcháin chun taiscéaladh a dhéanamh ar sholáthar solúbtha cumaiscthe amach anseo.

I gcomhthreo leis sin, d'oibrigh an Chomhghuaillíocht ar ghníomhaíochta for-rochtana agus rochtana ar scála an phobail. Tugadh tosaíocht don rannpháirtíocht ar fud scoileanna, pobal agus suíomhanna mac léinn fásta leis an bhfeasacht ar chonairí treasacha a mhéadú, go háirithe i measc grúpaí nach chomh dóchúil céanna go ndéanfaidh siad bealaí traidisiúnta chun an Ardoideachais a thapú. Bhí an obair sin leabaithe laistigh de líonraí áitiúla réigiúnacha, agus bhí sí mar chuid de chlár marthanach gníomhaíochta.

Thug Comhghuaillíocht Straitéiseach an Deiscirt am agus saineolas freisin chun cleachtas a chomhroinnt taobh amuigh den réigiún, ag cur leis an bplé náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an oideachas treasach trí mheán comhdhálacha, foilseachán agus rannpháirtíochta earnála. Thacaigh an ghníomhaíocht sin leis an machnamh ar eispéireas an tsoláthair, agus múnlaíodh an fhorbairt agus pleanáil leanúnach léi.



Achoimre ar na Réigiúin – Príomhtheachtaireachtaí

In 2025, cuireadh soláthar treasach ar fáil trí mheán sé cinn de Chomhghuaillíochtaí Straitéiseacha, gach aon cheann ag oibriú laistigh de chomhthéacsanna réigiúnacha ar leith, agus ag rannchur le creat comhroinnte náisiúnta. Ar fud na réigiún, chuaigh an ghníomhaíocht níos faide ná seoladh tosaigh an chláir, go dtí soláthar a leabú, conairí mac léinn a neartú agus ullmhú don fhorbairt inbhuanaithe, agus na tosaíochtaí arna múnlú de réir na riachtanas rochtana réigiúnaí, an éilimh ar lucht saothair agus aibíocht na gclár.

Ar fud na gComhghuaillíochtaí uile, díríodh dua mór ar thacaíocht a thabhairt do na conairí agus iad ag dul níos faide isteach ina mblianta soláthair. I gceist leis an méid sin bhí neartú ar na socruithe soláthair ar fud na gcomhpháirtithe Breisoideachais agus Oiliúna agus Ardoideachais, agus struchtúir clár a leasú agus comhsheasmhacht an eispéiris mac léinn a chinntiú thar shuíomhanna agus institiúidí iolracha. De réir mar a tháinig fás ar líon na gcohórt, thug na Comhghuaillíochtaí tosaíocht do ghníomhartha chun tacú leis an leanúnachas, dul chun cinn agus cáilíocht acadúil seachas mearmhéadú amháin.

Ábhar inspéise coitianta in 2025 ab ea aistriú mac léinn idir an Breisoideachas agus an tArdoideachas. Chuir na comhghuaillíochtaí bearta praiticiúla chun feidhme amhail rannpháirtíocht níos luaithe le hInstitiúidí an Ardoideachais, próisis ionduchtaithe neartaithe, cumarsáid níos soiléire maidir le dul chun cinn agus rochtain fheabhsaithe ar thacaíochtaí do mhic léinn. Mar bhonn eolais faoi na gníomhartha seo, bhí aiseolas ó mhic léinn, agus is éard ab aidhm leo ná a bheith ag tacú leis an muinín, le rátaí coinneála agus le dul chun cinn réidh trí chonairí treasacha. Léiríonn an fócas leantach ar aistriú mac léinn sna réigiúin éagsúla a thábhachtaí atá sé sin ag an gcéim seo d'fhorbairt córais, agus conairí á bhforbairt níos faide ná céim an bhunaithe agus líonta níos mó mac léinn ag tarraingt ar phointí dul chun cinn.

Réimse lárnach den ghníomhaíocht fós ab ea an obair forbartha cláir agus curaclaim sna réigiúin go léir. Dhírigh na Comhghuaillíochtaí a gcuid acmhainní i dtreo ailíniú curaclaim, ullmhú do bhailíochtú agus beachtú na gclár. I roinnt réigiún, chuimsigh an obair seo freisin conairí úra a ullmhú le haghaidh soláthar todhchaí, rud a chinnteoidh ailíniú idir an ullmhacht chun fairsingithe agus riachtanais acmhainneachta agus cáilíochta.

Baineadh feidhm as an rannpháirteachas le fostóirí agus le páirtithe leasmhara réigiúnacha mar bhonn eolais faoin bpleanáil clár i ngach réigiún, go háirithe in áiteanna ina raibh an soláthar treasach ailínithe le riachtanais scileanna sainaitheanta. Áiríodh leis sin, tacú le foghlaim comhtháite san obair, pleanáil socrúchán agus socruithe meantóireachta, mar aon lena chinntiú gur léirigh curaclaim riachtanais reatha an lucht saothair.

Ceist shonrach i gcónaí, ar fud an chláir, ab ea an rochtain gheografach. Rinne na Comhghuaillíochtaí sin a bhíonn ag feidhmiú i réigiúin tuaithe nó scaipthe tosaíocht den soláthar áitiúil agus den phleanáil le haghaidh cuir chuige sholúbtha, agus dhírigh Comhghuaillíochtaí uirbeacha ar an scála, comhordú agus castacht a bhainistiú thar sholáthróirí iolracha. Tugadh faoi ghníomhaíocht for-rochtana agus múscailte feasachta ar fud na réigiún chun tacú leis an rochtain do raon leathan mac léinn, lena n-áirítear iad siúd ar lú seans go dtiocfaidís i dtír ar na bealaí traidisiúnta isteach san Ardoideachas.

Ar an iomlán, léiríonn an ghníomhaíocht réigiúnach in 2025 aistriú ó chéim an bhunaithe go dtí céim an neadaithe, agus na Comhghuaillíochtaí ag díriú ar na struchtúir soláthartha a dhaingniú, a bheith ag tacú le dul chun cinn mac léinn agus a bheith ag ullmhú le haghaidh na chéad chéime eile den fhorbairt threasach. Cé go raibh éagsúlachtaí ann ó thaobh na gcur chuige réigiúnach de, léiríonn an t-eispéireas comhchoiteann trí chéile mar is féidir an soláthar treasach comhordaithe a sheachadadh ar bhealaí a bheadh freagrúil ar bhonn réigiúnach, dírithe ar an mac léinn agus ailínithe le riachtanais scileanna.

Cuid 7: Cumarsáid

Infheictheacht Náisiúnta

In 2025, tacaíodh le hinfheictheacht náisiúnta na gconairí céime treasaí trí imeachtaí poiblí comhordaithe, seoltaí cláir agus rannpháirteachas earnála. Leis an ngníomhaíocht chomhordaithe seo, fuarthas pointí tagartha soiléire inaitheanta do mhic léinn, oideachasóirí agus páirtithe leasmhara agus tacaíodh leis an aistriú ón múscailt feasachta i dtosach go dtí tuiscint níos leithne i measc an phobail ar an soláthar treasach.

Lean an Oifig Threasach Náisiúnta (OTN) de thacú le haitheantas agus fairsingiú na gconairí treasacha trí dheich gCéim Bhaitsiléara Threasacha nua a sheoladh in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2025. D'fhreastail an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ar an ócáid, in éineacht le comhpháirtithe Breisoideachais, Oiliúna agus Ardoideachais, mic léinn agus páirtithe leasmhara na hearnála. Chuimsigh na conairí a seoladh an teicneolaíocht, an cúram sláinte, dearadh agus na daonnachtaí agus léirigh fairsingiú leantach an tsoláthair threasaigh. B'ionann an ócáid agus ardán chun teachtaireacht náisiúnta a chur amach maidir le fás agus struchtúr Thionscnamh na Céime Treasaí.

Ba dhíol suntais é go raibh láithreacht náisiúnta ag OTN ag Higher Options san RDS i mBaile Átha Cliath, ócáid trí lá ar ar fhreastail líon mór mac léinn iar-bhunscoile, múinteoirí agus comhairleoirí treorach ó gach cearn d'Éirinn. Deis lárnach a bhí san ócáid seo chun plé go díreach le pobail scoile, lena mhíniú mar a oibríonn na conairí treasacha ar bhonn praiticiúil, agus chun ceisteanna a fhreagairt maidir le hiarratais, dul chun cinn agus tacaíochtaí.

Ina theannta sin, ghlac OTN páirt i dtionscnamh spriocdhírithe earnála, Hero in Tech, a bhí dírithe ar an rannpháirtíocht i gconairí a mbeadh baint acu leis an teicneolaíocht a spreagadh. Thacaigh an rannpháirteachas seo le teachtaireachtaí maidir le rochtain agus rannpháirtíocht do ghrúpaí atá faoi ghann-ionadaíocht, go háirithe mná óga a bheadh ag machnamh ar chonairí teicniúla.

Bhí rannpháirteachas leis na meáin i gceist leis na gníomhaíochtaí sin, le preaseisiúintí, grianghrafadóireacht agus bolscaireacht dhigiteach, rud a mhéadaigh tionchar na n-ócáidí agus a chinntigh léiriú soiléir cruinn ar na conairí treasacha sna meáin náisiúnta agus réigiúnacha.

Guth, Gnóthachtáil agus Dul Chun Cinn na Mac Léinn

Leis an ngníomhaíocht chumarsáide le linn 2025, cuireadh níos mó béime ar ghuth an mhic léinn agus ar fhíorshamplaí den dul chun cinn. Ar fud na réigiún, baineadh feidhm arís agus arís eile as scéalta, insintí agus ábhar amhairc na mac léinn lena mhíniú mar a oibríonn conairí treasacha ar bhonn praiticiúil agus chun léiriú a thabhairt ar an gcuma a bhíonn ar an dul chun cinn ó thaobh an mhic léinn de.

Díríodh aird ar ghnóthachtáil mac léinn chomh maith trí ghradaim acadúla, intéirneachtaí, scoláireachtaí agus rannpháirteachas in ócáidí aitheantais Ardoideachais. B'ionann na samplaí seo agus fianaise stóinsithe ar dhul chun cinn agus ar rathúlacht, rud a chuidíonn le muinín i measc mac léinn ionchais, tuismitheoirí agus oideachasóirí.

Trí bhéim a chur ar fhíor-aistir agus ar fhíorthorthaí mac léinn, tugadh an ghníomhaíocht chumarsáide ó chéim an mhínithe go céim an léirithe, rud ar chuidiú é chun céimeanna treasacha a normalú mar chonair inchreidte, a mbíonn tacaíocht taobh thiar di, isteach san Ardoideachas.

For-rochtain Réigiúnach ar Scála

Thit an chuid is mó den ghníomhaíocht chumarsáide agus rannpháirteachais in 2025 amach ar an talamh, agus Bainisteoirí Treasacha agus Comhpháirtithe sna Comhghuaillíochtaí Straitéiseacha ar fud na réigiún ina bun. Chuimsigh sé sin rannpháirtíocht fhairsing i gcuairteanna scoile, imeachtaí do chomhairleoirí gairmthreorach, laethanta oscailte Breisoideachais agus Oiliúna agus Ardoideachais, aontaí gairmeacha agus rannpháirteachas pobalbhunaithe.

I réigiúin uirbeacha agus tuaithe araon, chuaigh an fhor-rochtain leanúnach seo i bhfeidhm ar na mílte mac léinn, tuismitheoir, múinteoir agus comhairleoir gairmthreorach, rud a chuir go suntasach leis an bhfeasacht ar chonairí treasacha agus a thacaigh leis an gcinnteoireacht. Le hócáidí náisiúnta amhail Higher Options, cuireadh ardán comhordaithe ar fáil le haghaidh rannpháirteachas ar scála, fad is ar chinntigh gníomhaíocht réigiúnach go raibh an chumarsáid ábhartha insroichte ar bhonn áitiúil.

Bhí an teaglaim seo de chomhordú náisiúnta agus de rannpháirteachas ar bhonn réigiúnach lárnach maidir le feiceálacht agus tuiscint ar an soláthar treasach a fhorbairt i rith na bliana.

Achoimre

Díríodh an ghníomhaíocht chumarsáide agus rannpháirteachais phoiblí in 2025 ar chonairí treasacha a dhéanamh feiceálach, intuigthe agus inchreidte do mhic léinn agus dóibh siúd a thacaíonn leo. Is ar an rannpháirteachas díreach le mic léinn, scoileanna agus comhairleoirí gairmthreorach a cuireadh an bhéim ba mhó, agus, chun tacú leis sin, bhí ócáidí náisiúnta, seoltaí clár agus for-rochtain ar bhonn réigiúnach a rolladh amach ar scála.

Trí chomh-iarracht náisiúnta agus réigiúnach, neartaigh OTN agus na Comhghuaillíochtaí Straitéiseacha an fheasacht ar chonairí treasacha mar chonair thacaithe isteach san Ardoideachas agus chuir siad faisnéis níos soiléire agus níos praiticiúla ar fáil maidir le dul chun cinn agus deiseanna. Léiríonn an obair seo forbairt níos leithne an chórais threasaigh in 2025 agus é ag aistriú ó chéim an luathbhunaithe go dtí aitheantas agus tuiscint níos leithne.

Conclúid

Ar an iomlán, léiríonn an ghníomhaíocht le linn 2025 bliain inar tharla fairsingiú tomhaiste, foghlaim ar leibhéal córais agus daingniú do Thionscnamh na Céime Treasaí. Taobh leis an bhfás ar an soláthar agus ar rannpháirtíocht mac léinn, tugadh níos mó airde ar aistriú mac léinn agus ar sholáthar inbhuanaithe ar fud na gComhghuaillíochtaí Straitéiseacha réigiúnacha. Leis na heispéiris seo, leagadh síos bonnsraith dhaingean le haghaidh na chéad chéime eile den fhorbairt ar fud an chórais threasaigh.

De réir mar a leanann an soláthar treasach de bheith ag teacht in aibíocht, leanfaidh an Oifig Threasach Náisiúnta agus na Comhghuaillíochtaí Straitéiseacha de bheith ag obair le chéile agus iad go léir dírithe ar chomhtháthú fadtéarmach idir an Breisoideachas agus an tArdoideachas a neartú, agus ar aistriú réidh, rannpháirtíocht agus coinneáil mac léinn a chothú.



Sonraí Teagmhála

Ríomhphost: info@nto.ie
Suíomh Gréasáin: www.NTO.ie

@NTOIreland